BOO – Airgeadas agus Pearsanra Riaracháin
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Cor na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

ETB Financial and Administrative Personnel
Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath

Imlitir 0066/2014

Chuig Príomhfheidhmeannaigh agus Cathaoirligh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Nósanna Imeachta maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna ag fáil Iasachta

Feidhm Fhorchoimeádta atá ag Bord Oideachais agus Oiliúna is ea an chumhacht airgead a fháil ar iasacht. Leagtar amach in alt 49 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 na nósanna imeachta atá le leanúint agus tá achoimre déanta orthu mar seo a leanas:

1. Ullmhaíonn an príomhfheidmheannach togra i scríbhinn agus cuireann sé nó sí faoi bhráid an Bhoird é gur chóir don Bhord airgead a fháil ar iasacht chun feidhmeanna an bhoird a chomhall.

2. Breithníonn an Bord an togra agus ansin, má chinntear i bprionsabal gur chóir glacadh leis an togra, iarrann sé toiliú an Aire Oideachais agus Scileanna.

3. Nuair a bhíonn toiliú an Aire faighte, féadfaidh an Bord glacadh le togra an phríomhfheidmeannaigh agus airgead a fháil ar iasacht chun feidhmeana an Bhoird a chomhall.

Dá réir sin, beidh dhá chruinniú den Bhord ag teastáil; ceann amháin chun an togra a bhreithniú i dtús báire agus má chinntear i bprionsabal gur chóir glacadh leis an togra, an dara ceann chun glacadh leis an togra nuair a bhíonn toiliú an Aire faighte.

Ba chóir an imlitir seo a léamh i gcomhar le hAlt 49 den Acht.

Is féidir teacht ar an imlitir seo ar leathanach gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

Ba chóir aon cheisteanna maidir leis an imlitir seo a sheoladh chuig an Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin BOO (Guthán: 09064 83769, Facs: 09064 84058, Ríomhphost: financialetb@education.gov.ie).

_____

Matthew Ryan
Príomhoifigeach
An Rannóg Scoileanna

Lúnasa 2014